C/2025/3367

18.6.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11989 – CVC DIF / VNG / BALANCE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3367)

1. An 10 Meitheamh 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— DIF Management Holding B.V. ('CVC DIF', an Ísiltír), faoi rialú comhpháirteach CVC Capital Partners plc (Jersey), Stichting Administratiekantoor DIF Management Holding, PartnerCo B.V., agus PartnerCo 2 B.V. (iad uile lonnaithe san Ísiltír),

— VNG AG ('VNG', an Ghearmáin), faoi rialú EnBW Energie Baden-Württemberg AG (an Ghearmáin), agus

— BALANCE Beteiligungsmanagement GmbH & Co. KG agus a fhochuideachtaí ('BALANCE', an Ghearmáin).

Gheobhaidh CVC DIF agus VNG rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar BALANCE.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir cistí cothromais bonneagair é CVC DIF, a bhfuil sócmhainní á mbainistiú aige san aistriú fuinnimh, san iompar, sna fóntais agus sa digitiú, go príomha ar fud na hEorpa, Chríocha Mheiriceá agus na hAstraláise,

— Is éard atá in VNG grúpa cuideachtaí ar speisialtóirí i ngás agus i mbonneagar gáis iad.

3. Tógann agus oibríonn BALANCE gléasraí bithgháis sa Ghearmáin, ar gléasraí bithgháis iad a tháirgeann bithmheatán, a ghineann leictreachas agus teas, mar aon le seachtháirgí áirithe a chruthaítear ó phróiseáil bithgháis.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11989 — CVC DIF / VNG / BALANCE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË